Scéim Bhaile Munna/Fhionnghlaise go Lár na Cathrach

Nuashonrú Tógála Samhain 2026

GRAHAM

Ag obair thar ceann

BUS CONNECTS
Do Chathair, Nasc Níos Fearr
Your City, Better Connected

Cad atá ag tarlú?


Tá obair imscrúdaithe láithreáin don Scéim BusConnects ó Bhaile Munna/Fhionnghlas go Lár na Cathrach fós ar siúl. Ós rud é go bhfuil imscrúduithe curtha i gcrích anois i roinnt ceantar, tá an tionscadal ag bogadh ar aghaidh anois go dtí céim na tógála.

Déanfar an obair thosaigh ag **Crosaire Sheantrabh**. Áireofar leis na hoibreacha sin trasrianta coisithe nua a shuiteáil, oibreacha ullmhúcháin chun fóntais a chumasú, uasghráduithe ar chomharthaí tráchta, oibreacha gaolmhara chun acomhail a fheabhsú, agus réamhoibreacha.

Cathain a thosófar ar na hoibreacha?

Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair **Dé Satharn, an 14 Samhain 2026 go dtí Dé hAoine an 18 Nollaig 2026.**

Tá léarscáil den limistéar ina bhfuil obair BusConnects beartaithe ar fáil anseo. Tabharfar an obair sa limistéar sin isteach arís in R1 de 2027.



Chun teacht ar nuashonruithe tógála beo i do cheantar, scan an cód QR chun ár léarscáil idirghníomhach ar líne a oscailt.

www.ballymunfinglasscheme.ie

Conas a choinneofar rochtain?

Coinneofar rochtain ar thithe agus ar ghnólachtaí i rith na n-oibreacha. Cuirfear cónaitheoirí agus gnólachtaí ar an eolas roimh ré i gcás ina mbeidh gá le hathruithe sealadacha ar rochtain.

Uaireanta Oibre

Is iondúil go ndéanfar an obair idir **7:00am agus 11:00pm**, cé go bhféadfadh sé go mbeadh gá le roinnt gníomhaíochtaí san oíche agus ag an deireadh seachtaine.

Bearta sealadacha bainistíochta tráchta

Cuirfear bearta bainistíochta tráchta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar na hoibreacha go sábháilte agus go héifeachtúil. Tabharfar na bearta sin isteach i gcéimeanna agus déanfar iad a phleanáil go cúramach chun úsáideoirí bóithre, coisithe agus pearsanra an láithreáin a chosaint, agus an cur isteach ar thrácht a íoslaghdú a oiread agus is féidir. Féach samplaí de na bearta atá liostaithe thíos le do thoil.

- Beidh gá le socruithe sealadacha bainistíochta tráchta agus le lánaí a dhúnadh ar chodanna de Bhóthar Bhaile Munna, agus fanfaidh dhá lána tráchta ar a laghad ar oscailt.
- Cuirfear bealaí malartacha sealadacha i bhfeidhm le linn céimeanna áirithe.
- Coinneofar rochtain áitiúil do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí i rith na n-oibreacha.
- Beidh marcanna bóthair agus comharthaíocht i bhfeidhm go sealadach ar feadh na n-oibreacha.
- Beidh soilsithe tráchta múchta agus córais Stad/Gluais i bhfeidhm go sealadach de réir mar is gá.

Déan Teagmháil Linn

Clodagh McGivern (Graham) ar 0870003734

busconnects@graham.ie

ballymunfinglasscheme@busconnects.ie

Saoglao 1800 303 400

GRAHAM

Ag obair thar ceann

BUS CONNECTS

Do Chathair, Nasc Níos Fearr

Your City, Better Connected